I

(Rúin, moltaí agus tuairimí)

MOLTAÍ

AN BANC CEANNAIS EORPACH

MOLADH ÓN M BANC CEANNAIS EORPACH

an 6 Meitheamh 2023

chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha an Bhainc Ceannais Eorpaigh

(BCE/2023/15)

(2023/C 208/01)

TÁ COMHLAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 27.1 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déanann iniúchóirí seachtracha neamhspleácha atá molta ag Comhairle Rialaithe BCE agus a fhormheasann Comhairle an Aontais Eorpaigh iniúchadh ar chuntais an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) agus ar chuntais bhainc ceannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) In 2017, roghnaigh BCE Baker Tilly GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft mar iniúchóirí seachtracha do na blianta airgeadais 2018 go 2022, agus an rogha ann síneadh suas le dhá bhliain airgeadais a chur leis an sainordú (i.e. go 2023 nó go 2024) ([1]).

(3) Tiocfaidh deireadh le sainordú iniúchóirí seachtracha reatha BCE, Baker Tilly GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft, tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2022. Dá bhrí sin, is gá iniúchóirí seachtracha a cheapadh ón mbliain airgeadais 2023.

(4) Tá sé ar intinn BCE Baker Tilly GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft a roghnú mar iniúchóirí seachtracha do na blianta airgeadais 2023 go dtí 2024. Is féidir an síneadh sin a dhéanamh i gcomhréir leis na socruithe conarthacha idir BCE agus Baker Tilly GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Moltar go gceapfaí Baker Tilly GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft mar iniúchóirí seachtracha ar BCE do na blianta airgeadais 2023 go dtí 2024.

([1]) Moladh BCE/2017/42 ón mBanc Ceannais Eorpach an 15 Nollaig 2017 chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha an Bhainc Cheannais Eorpaigh (IO C 444, 23.12.2017, lch. 1).

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 6 Meitheamh 2023.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE